Athbhreithniú Ráiteas Straitéise 2008-2010

Déanann an Bord Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim a athbhreithniú ó am go chéile i gcomhthéacs timthrialla pleanála gnó, forbairtí nua agus athruithe ar an timpeallacht. Bíonn roinn coigeartuithe agus breiseanna beaga dá bharr sin, de ghnáth. Bhí na hathruithe sa gheilleagar chomh mór sin le déanaí agus an timpeallacht chomh neamhchinnte sin, áfach, go bhfuil sé iomchuí míreanna suntasacha den Ráiteas a athbhreithniú go foirmiúil agus Príomhthosaíochtaí Corparáide á socrú do 2009.

SPRIOC 1

Ba léir go mbeadh forás eacnamaíochta níos moille ann ach mar atá faoi láthair tá laghdú tagtha ar an ngeilleagar agus caillteanas carnach aschuir tuairim 6¼% i ndán dúinn sna tréimhsí 2008-2010, de réir cosúlachta. Beidh sé seo le feiceáil sa chúlú i líon na ndaoine a bheidh ag obair agus ar laghdú sa ghníomhaíocht eacnamaíochta, agus beidh drochthionchar ar chaiteachas tomhaltóirí dá bharr. *Léirítear na forbairtí sin anois sna spriocanna bailithe níos ísle.*

Ba léir dúinn an dúshlán a bhí ag teacht chun cinn maidir le cláir bhainistithe fiacha, go háirithe ár spriocanna le haghaidh comhlíonadh tráthúil, ach níor ceapadh go mbeadh sé chomh mór agus atá. Tuigimid go bhfuil timpeallacht an-chrua ann don ghnó de bharr fáil ar airgead, forbairtí sa ráta malartaithe, go háirithe idir an Euro agus Steirling, agus de bharr dearcaidh maolaithe tomhaltóirí. *Tabharfaimid tacaíocht do cháiníocóirí comhlíontacha a bhfuil deacrachtaí sealadacha acu - sprioc chothabhála seachas sprioc fheabhsaithe atáthar a shocrú i leith chomhlíonadh tráthúil, agus tá sprioc níos measartha á leagan do leibhéal fiacha.*

Ta ár gcur chuige riosca-bhunaithe i dtaobh comhlíonaidh, agus atá mar bhonn taca do na straitéisí ar fad i Sprioc 1, bailí fós. *Tá rioscaí nua ag teacht chun cinn nach bhféadfadh réamheolas a bheith againn fúthu. Léiritear iad sin sna Príomhthosaíochtaí Corparáide do 2009, go háirithe táscairí feidhmíochta nua a thabhairt isteach do níos mó iniúchtaí fíor-ama agus forbairt Straitéise nua maidir le Comhlíonadh.*

SPRIOC 2

Tá Seirbhís den scoth ina príomhsprioc ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ní bhraithneann sin ar fhorás sa gheilleagar. Is é ár leas-na chomh maith le leas na gcáiníocóirí, nósanna imeachta a dhéanamh níos simplí agus cuidiú le daoine a bheith comhlíontach. Beidh an teicneolaíocht, mar ghléas éifeachtúlachta agus táirgiúlachta, níos tábhachtaí ná riamh. *Leanfaimid, sa mhéid agus is féidir, le hinfheistíocht i gcórais TF a dtiocfaidh feabhas éifeachtachta agus feabhas seachadta seirbhíse dá bharr ach aithnímid nach mbainfear spriocdhátaí amach do thionscadail áirithe.*

SPRIOC 3

Ba léir dúinn go mbeadh dúshláin sa réimse idirnáisiúnta, agus dúshláin i dtaobh iomaíocht na hÉireann. *Tá sé níos tábhachtaí ná riamh tabhairt faoi na dúshláin agus déanfar gach iarracht straitéis 3,2 a chur i gcrích, go háirithe aschur 1,2 agus 3.*

Tá beartas an Rialtais chun comhardú a athbhunú san airgeadas poiblí faoi 2013 á léiriú cheana sna cánacha agus sna tobhaigh nua a chuirfimid i bhfeidhm i mbliana. Déanfaimid ár gcumas a athbhreithniú chun freagairt go héifeachtach do chinntí a dhéanfaidh an Rialtas ar choigeartuithe ar an gcóras cánach nó ar bhearta le hioncam a ghnóthú, lena n-áirítear moltaí ionchasacha an Choimisiúin um Chánachas.

SPRIOC 4

Tá Sprioc 4 rithábhachtach agus tá brí ar leith ag baint le Straitéis 4.2 de bharr easpa acmhainní i mBuiséad Riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim. *Le linn an dá bhliain atá fágtha ag an Ráiteas Straitéise, caithfimid cumas na gCoimisinéirí Ioncaim a threisiú agus ár gcostas oibríochta a ísliú agus ag an am céanna ár bpríomhchláir ghnó a sheachadadh – comhlíonadh agus seirbhís custaiméirí.*

Tá na Coimisinéirí Ioncaim á bhforbairt agus á nuachóiriú i gcomhar leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn. Tá infheistíocht stuama déanta againn i réimse na teicneolaíochta agus i scileanna. Creidimid go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ullmhaithe dá bharr sin agus de bharr ár bhfoireann a bheith ag tacú linn, le leanúint ar aghaidh a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta agus leanúint lenár Misean

Seirbhíse don Phobal a chur i gcrích.

5 Feabhra 2009

Josephine Feehily	Michael O'Grady	Liam Irwin
Cathaoirleach	Coimisinéir	Coimisinéir